

Bunreacht Ógras

Faoi mar a leasaíodh é i 2015

Ógeagraíocht Chonradh na Gaeilge

Fís an Eagrais

Go mbeadh an Ghaeilge á labhairt mar theanga phobail ag daoine óga na hÉireann, agus go mbeadh an fhéinmhuinín agus an cumas acu a n-acmhainn a bhaint amach, agus a bheith lánpháirteach sa phobal trí mheán na Gaeilge.

A- GINEARÁLTA

1. Ógras is ainm don eagrais: Ógeagraíocht Chonradh na Gaeilge.
2. Is iad cuspóirí an eagrais
 - (a) Feidhmiú mar eagrais Gaeilge i measc daoine óga;
 - (b) Deis agus tacaíocht a thabhairt don duine óg é/i féin a fhorbairt mar phearsa
 - (c) An Ghaeilge a chur chun cinn mar ghnáthurlabhra;
 - (d) Cultúr dúchais na hÉireann a chothú;
 - (e) Feidhmiú mar thaca do Chonradh na Gaeilge;
 - (f) Nasc a chothú idir an cultúr Gaelach agus cultúir eile
3. Is iad saintréithe an eagrais: an daonlathas, oscailteacht, rannpháirtíocht, comhionannas, uileghabhálachas, dínit an duine agus cearta an duine
4. Is mar seo a leanas atá comheagraíocht Ógras:
 - (a) Baill;
 - (b) Treoraithe;
 - (c) Gasraí;
 - (d) Gasraí d'Óg-Ógras
 - (e) Coistí Réigiúnacha;
 - (f) Coiste Stiúrtha;
 - (g) Buanchoiste

B – BAILL

5. Is ball d'Ógras na daoine seo a leanas:
 - (a) Ceannaire nó treoraí ar Ghasra d'Ógras nó ar Ghasra d'Óg-Ógras
 - (b) Baill atá cláraithe le Gasra d'Ógras nó le Gasra d'Óg-Ógras.
 - (c) Ceannairí óga atá i gceannas ar Ghasra d'Ógras nó d'Óg-Ógras
6. Is ceadmhach dóibh seo a leanas a bheith ina mbaill d'Ógras:
 - (a) Daltaí bunscoile os cionn 7 mbliana d'aois;
 - (b) Daltaí iarbhunscoile;

- (c) Aon duine faoi bhun 26 bliana d'aois;
- (d) Daoine atá ina dtreoraithe nó ina mbaill den Choiste Stiúrtha.

7. Tá sé de dhualgas ar gach ball:
- (a) Fís, Aidhm agus cuspóirí Ógras a chur chun cinn;
 - (b) Gníomhú go rialta mar bhall de Ghasra;
 - (c) Orduithe dlisteanacha a chomhlíonadh;
 - (d) Táille ballraíochta bliantúil a íoc

C – GASRAÍ

8. Ní mór do sheisear ar a laghad a bheith i nGasra.
9. Is dualgas do Ghasra orduithe dlisteanacha ón gCoiste Stiúrtha a chomhlíonadh.
10. Ní foláir do gach Gasra Cruinniú Cinn Bhliana a reáchtáil gach bliain
- Is é gnó an Chruinniú Cinn Bhliana:
- (a) Coiste a thoghadh;
 - (b) Léirmheas a dhéanamh ar obair na bliana roimhe sin;
 - (c) Plean oibre a leagan amach don bhliain rompu
11. Feidhmeoidh Oifigigh an Ghasra mar Choiste Stiúrtha an Ghasra.
12. Ní mór do Ghasraí gach gnó inmheánach a dhéanamh i nGaeilge.
13. Beidh Treoraí / Ceannaire ag gach Gasra.
14. Is gá faomhadh a fháil ón Choiste Stiúrtha i dtaobh gach ceannaire, sula dtéann siad i gceannas ar Ghasra.
15. Tabharfar cuireadh do threoraithe clárú mar bhaill de Chonradh na Gaeilge.

16. Áit a bhfuil Craobh de Chonradh na Gaeilge agus Gasra d'Ógras ar an mbaile céanna beidh cead ag an nGasra ionadaí(aithe) a chur ar Choiste na Craoibhe má thoilínn an Chraobh glacadh lena leithéid. Is é an Gasra a ainmneoidh an t-ionadaí / na hionadaithe.

D – ÓG-ÓGRAS

17. Eagróidh Ógras clubanna do dháltaí bunscoile.
- (a) Gasraí d'Óg-Ógras a ghlaotar ar na clubanna sin.
 - (b) Is ceadmhach do dhalta sa chéad bhliain iarbhunscoile bheith ina b(h)all de Ghasra d'Óg-Ógras.
 - (c) Beidh Treoraí / Ceannaire ag gach Gasra d'Óg-Ógras.

E – COISTÍ RÉIGIÚNACHA

- 18.(a) Bunófar Coistí Réigiúnacha le haontú an Choiste Stiúrtha i réigiúin ina mbeidh trí Ghasra ar a laghad.
- (b) Beidh sé de chead ag gach Gasra atá cláraithe le hÓgras na daoine seo a leanas a ainmniú ar an gCoiste Réigiúnach:
- (i) Treoraí an Ghasra
 - (ii) Oifigeach de Choiste an Ghasra a ainmneoidh coiste an Ghasra
 - (iii) Triúr ball eile a thogfar ag Cruinniú Cinn Bhliana an Ghasra.
- (c) Beidh sé de chead ag gach Gasra atá cláraithe le hÓg-Ógras treoraí agus cúntóir a ainmniú ar an gCoiste Réigiúnach.
- (d) Reachtálfar Cruinniú Cinn Bhliana Choistí Réigiúnacha gach bliain agus beidh sé mar fheidhm ag an gCruinniú Cinn Bhliana:
- (i) Staid Ógras sa réigiún a scrúdú agus a mheas;
 - (ii) Forbairt le linn na bliana atá le teacht a phlé.
 - (iii) Na hoifigigh seo a leanas a thoghadh: Cathaoirleach, Leasathaoirleach, Rúnaí, Cisteoir agus Oifigeach Caidrimh Phoiblí.
- (e) Ní foláir do gach Coiste Réigiúnach dhá chruinniú, ar a laghad, in aghaidh na bliana a reáchtáil agus tuairisc ar na cruinnithe sin a sheoladh ar aghaidh chuig an gCoiste Stiúrtha.
- (f) Beidh sé de chead ag gach Coiste Réigiúnacha duine amháin a ainmniú ar Choiste Stiúrtha Ógras.
- (g) Is iad feidhmeanna na gCoistí Réigiúnacha:
- (i) Aidhm agus Cuspóirí Ógras a chur chun cinn ar fud an réigiúin;
 - (ii) Imeachtaí na nGasraí a chomhordú;
 - (iii) Ógras a fhorbairt sa réigiún, mar shampla, feachtais earcaíochta agus cúrsaí oiliúna a eagrú

F – AN COISTE STIÚRTHA

19. Is é an Coiste Stiúrtha coiste ceannais Ógras.
20. (a) Beidh Coiste Stiúrtha Ógras comhdhéanta mar seo a leanas:
- (i) Uachtarán Chonradh na Gaeilge nó ionadaí an Uachtaráin;
 - (ii) Triúr treoraí a thogfar ag an gComhdháil Bhliantúil;

- (iii) Triúr ball den Choiste Stiúrtha atá ag dul as feidhm;
- (iv) Beirt ionadaí ó Choiste Gnó Chonradh na Gaeilge;
- (v) Ceathrar ball a thoghfar ag an gComhdháil Bhliantúil;
- (vi) Ionadaí Ógras ar Choiste Gnó Chonradh na Gaeilge.
- (vii) Ionadaí amháin ó gach Coiste Réigiúnda
- (viii) Beidh cead freastal ag Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge

(b) Córam

Éileofar toiliú trian de bhaill an Choiste Stiúrtha móide duine amháin le haon chinneadh a dhéanfaidh an Coiste Stiúrtha a rith. Is é córam déanta cinntí aon trian de bhaill an Choiste Stiúrtha móide duine amháin. Ní chaithfidh aon bhall níos mó ná aon vóta amháin ach beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag an Chathaoirleach i gcás comhionannas vótaí.

(c) Ní ceadmhach d'éinne atá fostaithe ag Ógras a bheith ina b(h)all den Choiste Stiúrtha

(d) Má theipeann ar aon bhall de Choiste Stiúrtha freastal ar trí chruinniú coiste as a chéile gan leithscéal (réasúnta), caillfidh an ball sin a s(h)uíochán ar an Choiste.

(e) Tionólfar ceithre chruinniú den Choiste Stiúrtha, ar a laghad, in aghaidh na bliana

(f) Toghfadh Coiste Stiúrtha Ógras Cathaoirleach, Leaschathaoirleach, Cisteoir agus Oifigeach Caidrimh Poiblí ar an gCoiste sin ag an gcéad chruinniú i ndiaidh na Comhdhála tríd an vóta singil inaistrithe.

(g) Sa chás go dtagann folúntais ar aghaidh i mballraíocht an Choiste nó in Ionadaíocht Ógras ar Choiste Gnó an Chonartha beidh sé de chead ag Coiste Stiúrtha Ógras daoine a ainmniú chun na folúntais sin a líonadh.

21. Coinbhleachtaí leasa agus coinbhleachtaí dílseachtaí

Ní mór do bhaill an Choiste Stiúrtha:

(a) Nádúr agus réim aon leasa a fhógairt, bíodh sé díreach nó indíreach, atá acu in aon idirbheart nó in aon socrú atá beartaithe le hÓgras nó in aon idirbheart nó in aon socrú a rinne Ógras agus nach bhfuil fógartha cheana

(b) Fanacht glan ar aon phlé de chuid an Choiste Stiúrtha ina bhféadfaidh coinbhleacht a éirí idir a ndualgas chun gníomhú ar leas Ógras amháin agus aon leas phearsanta (lena n-airítear aon leas airgeadais phearsanta ach gan a bheith teoranta do sin) a bheidh acu.

Ní ceadmhach d'aon iontaobhaí de chuid Ógras a bheidh ag fanacht glan ar a leithéid de phlé de bhun na forála seo vóta a chaitheamh ar an ábhar agus ní ceart an t-iontaobhaí sin a chomhaireamh mar dhuine den chóram in aon chinneadh a dhéanfaidh iontaobhaithe Ógras ar an ábhar sin ach an oiread.

22. Beidh sé de dhualgas ar an gCoise Stiúrtha tuairisc a sholáthar do Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge.

23. Beidh táille ballraíochta bliantúil a bheidh socruithe ag an Coiste Stiúrtha ó thráth go chéile, le hóc ag gach Gasra le Ard-Oifig Ógras.

24. Beidh cead ag an gCoiste Stiúrtha méid an táille atá le híoc le Ard-Oifig Ógras a athrú.
25. Is féidir le duine a bheith ina bhall d'Ógras agus de Chonradh na Gaeilge.
26. Ní mór do gach Gasra a bheith cláraithe go hoifigiúil ag cruinniú den Choiste Stiúrtha
27. Is é an Buainchoiste a cheapfaidh fostaithe an eagrais le faomhadh an Choiste Stiúrtha agus a shocróidh tuarastal agus coinníollacha ceapacháin fostaithe an eagrais, seachas an Stiúrthóir, agus na postanna sin a bheith ceadaithe ag Coiste Gnó Chonradh na Gaeilge.
28. Is é Coiste Gnó Chonradh na Gaeilge a cheapfaidh an Stiúrthóir agus a shocróidh tuarastal agus coinníollacha ceapacháin an Stiúrthóra.
29. (a) Is féidir Bunreacht nó Rialacha Ógras a athrú i 2009 agus gach bliain as sin amach. Ní mór faomhadh a fháil ó Choiste Gnó Chonradh na Gaeilge i gcomhair aon leasuithe a dhéantar ar Bhunreacht Ógras.
Is féidir leo seo a leanas leasaithe Bunreachta a mholadh
- (i) Gasra
 - (ii) An Coiste Stiúrtha
 - (iii) Coiste Gnó Chonradh na Gaeilge
- Ní mór do 2/3 de Chruinniú Chinn Bhliana Ógras glacadh leis na leasuithe.
Tagann leasuithe i bhfeidhm tar éis do chruinniú de Choiste Gnó Chonradh na Gaeilge glacadh leo.
30. Is le hIonntoibhe Ógras maoin eile Ógras.
31. Díscáileadh
Féadfar Ógras a dhíscáileadh aon am ach rún a rith ag dhá thrian de na daoine siúd a bheith i láthair agus a mbeidh de chumhacht acu vótaí a chaitheamh ag Cruinniú ginearálta Urghnách d'Ógras, ar chuntar go seolfar fógra faoin chruinniú sin chuig na baill uile d'Ógras agus den Choiste Stiúrtha 28 lá ghlana ar a laghad roimh ré.
- Féadfar treoracha a thabhairt ina leithéid de rún chun críche aon socmhainní a bheith i seilbh Ógras nó a bheith in ainm Ógras a dhiúscairt, ar chuntar, má bhíonn aon mhaoin fágtha tar éis gach fiachas agus gach dliteanas a shasamh, go n-aistreofar a leithéid de mhaoin chuig a leithéid d'institiúid nó d'institiúidí carthanachta (a mbeidh cuspóirí acu a bheith mar a gcéanna nó nach mór mar an gcéanna le cuspóirí Ógras) a dhéadfaidh Ógras a chinneadh, faoi réir aon cheadaithe is gá.

G - AN BUANCHOISTE

32. Beidh Buanchoiste Ógras comhdhéanta mar seo a leanas:

- (i) Uachtarán Chonradh na Gaeilge nó ionadaí an Uachtaráin
- (ii) Cathaoirleach Ógras
- (iii) Leasathaoirleach Ógras
- (iv) Cisteoir Ógras

Is é feidhm an Bhuanchoise acmhainní daonna, forbairt agus cúrsaí airgeadais an eagrais a stiúradh. Cuirfear cinnithe an Buanchoiste os comhair an Choiste Stiúrtha le haghaidh faomhadh.

Fanfaidh gach Buanchoiste i réim go dtí go dtoghfair oifigigh nua ag an chéad chruinniú den Choiste Stiúrtha tar éis an Chruinniú Cinn Bhliana.

H – AN CRUINNIÚ CINN BHLIANA

33. (a) Reáchtálfar Cruinniú Cinn Bhliana Ógras, “An tÓgrastal”, uair sa bhliain

(b) Ní mór fógra 14 lá a thabhairt don Choiste Stiúrtha agus do Ghasraí uile Ógras

(c) Is iad feidhmeanna an Chruinniú Cinn Bhliana:

- (i) Staid Ógras a scrúdú agus a mheas;
- (ii) Forbairt le linn na bliana atá le teacht a phlé;
- (iii) Rúin a mholadh agus a chur ar aghaidh chuig an Choiste Stiúrtha
- (iv) Ceathrar ball a ainmniú ar an gCoiste Stiúrtha;
- (v) Triúr treoraí a ainmniú ar an gCoiste Stiúrtha;
- (vi) Ionadaí a ainmniú ar Choiste Gnó Chonradh na Gaeilge. Beidh an té a ainmneofar amhlaidh ina b(h)all de Choiste Stiúrtha Ógras chomh maith.

(d) Is iad a bheidh i dteideal freastal ar an gCruinniú Cinn Bhliana le cead plé agus vótála acu:

- (i) Uachtarán Chonradh na Gaeilge nó ionadaí an Uachtaráin;
- (ii) Treoraí agus cúigear ionadaí ó gach Gasra d’Ógras a bheidh cláraithe roimh dháta áirithe a shocróidh an Coiste Stiúrtha;
- (iii) Treoraí agus cúigear cuntóir de gach Gasra d’Óg-Ógras a bheidh cláraithe roimh dháta áirithe a shocróidh an Coiste Stiúrtha;
- (iv) Baill an Choiste Stiúrtha;
- (v) Beirt ionadaí ó gach Coiste Réigiúnach
- (vi) Beidh cead freastal ag Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge

(e) Beidh cead plé ag an Chruinniú Cinn Bhliana ag gach ball d’Ógras atá i láthair agus le cead ón Chruinniú Cinn Bhliana, beidh cead plé ag cuairteoirí atá i láthair.

(f) Beidh sé de dhualgas ar an gCoiste Stiúrtha agus ar na haonaid eile (Gasraí agus Coistí) socrúithe agus rúin an Chruinniú Cinn Bhliana a chur i bhfeidhm,

(g) Vóta singil inaistrithe a bheidh in úsáid ag an gCruinniú Cinn Bhliana

SLÁNAÍOCHT

Déanfaidh Ógras gach ball den Choiste Stiúrtha, gach oibrí deonach agus gach fostaí de chuid Ógras a shlánú agus a choinneáil slánaithe le haghaidh agus i gcoinne gach teideal, éileamh, gníomh agus imeacht (agus le haghaidh agus i gcoinne gach costas agus speansas a bhainfidh leo nó a eascróidh astu) a dhéanfar nó a thabharfar i gcoinne Ógras i ndáil lena chuid gníomhaíochtaí, i ndáil le gníomhaíochtaí oifigeach, baill, oibríthe deonacha nó fostaithe dá chuid, nó i ndáil lena chuid maoiné agus trealamh, ach ní bheidh feidhm as an tslánaíocht seo i gcás dliteanas a eascróidh as calaois, as éagóir, nó as mainneachtain éagórach a rinne an t-oifigeach, an ball, an t-oibrí deonach nó an fostaí, a bhféachfar lena chur faoi dhliteanas, d'aon ghnó ina aonar.

RIALACHA ÓGRAS

1. Beidh údarás ag an gCoiste Stiúrtha plé le haighneas ar bith nó le ceist ar bith a bhaineann le smacht, le hairgeadas, le maoin, le haidhm, le cuspóirí nó le gnóthaí ar bith eile de chuid an Eagrais nó aon ní ag éirí astu nó aon cheann acu agus cinneadh a dhéanamh i dtaobh na ceiste agus / nó an aighnis sin agus beidh an cinneadh sin ceangailteach ar gach ball, ar gach gasra agus ar gach coiste de chuid an Eagrais agus ní bheidh aon dul thar chinneadh an Choiste Stiúrtha.
2. Ní mór do bhaill cloí le rialacha Ógras maidir le húsáid alcóil, drugaí, caitheamh tobac agus iompar. Beidh sé de cheart ag Coiste Stiúrtha Ógras rialacha a leagadh síos agus a chur i bhfeidhm sna cúrsaí seo.
3. Beidh sé de dhualgas ar gach fostaí agus duine deonach a bhíonn ag obair le hÓgras cloí le polasaithe an Eagrais